

COMHAD FÍRICÍ: GCSE



TEICNEOLAÍOCHT AGUS DEARADH

AONAD: 1.2 – ÁBHAI AGUS A SAINTRÉITHE FISICEACHA,
AEISTÉITIÚLA AGUS STRUCHTÚRACHA GINEARÁLTA



Plaistigh Theirmithéachtacha

Torthaí Foghlama

Ba chóir duit a bheith in ann:

- tuiscint a léiriú ar phríomhairíonna agus ar fheidhmiú na bplaisteach a leanas:
 - plaistigh theirmithéachtacha (mealaimín, roisín poileistir, roisín eapocsach agus úiré-formaildeád).

Ábhar an Chúrsa

Is féidir dhá ghrúpa a dhéanamh de phlaistigh:

1. Teirmeaphlaistigh
2. Plaistigh theirmithéachtacha

Plaistigh theirmithéachtacha

Ní féidir plaistigh theirmithéachtacha a théamh ná a mhúnlú ach aon uair amháin. An uair a mhúnlaítear plaistigh theirmithéachtacha tá siad téachta agus tá na móilíní nasctha le chéile ar dhóigh nach féidir iad a atéamh, a athmhúnlú nó a athchúrsáil arís (nach ionann agus teirmeaphlaistigh).

Níl plaistigh theirmithéachtacha chomh coitianta le teirmeaphlaistigh ach is minic airíonna meicniúla níos fearr acu agus is féidir leo teochtaí níos airde a sheasamh agus is ábhair iontacha iad do tháirgí amhail lámha sásan, fearais leictreacha srl. Tá plaistigh theirmithéachtacha ar fáil go hiondúil mar gráinníní, púdair, leachta agus taois, ach ní úsáidtear iad do thionscail scoile chomh minic le teirmeaphlaistigh mar gheall ar an tsórt próisis atá de dhith.



Fíor 1

Mealaimín

Is plaisteach an-chrua, marthanach agus teasfhriotaíoch é mealaimín agus é an-choitianta i gcistineacha agus i ngréithe. Taispeánann Fíor 1 cuntar oibre cistine atá déanta as clár saorga atá lannaithe le mealaimín.

Is minic cófraí cistine agus deasca oifige déanta ar an dóigh chéanna. Tá tairbhe eile le mealaimín go bhfuil sé maith ó thaobh sláinteachas bia de, furasta a ghlanadh agus is féidir bailchríocha aeistéitiúla éagsúla a chur air m.sh. éifeacht snáithe adhmaid. Caithfear bheith cúramach ag suiteáil táirgí mealaimín lannaithe nó is furasta scealpóg a bhaint as a n-imeall.

Is féidir mealaimín a dhéanamh i bhfoirm snáithíní lasairmhoillitheacha, ábhar atá an-tábhachtach do tháirgí amhail lámhainní cosanta faoi choinne tathú nó aon áit a bhfuil riosca tine ann, m.sh. tochtanna.



Fíor 2

Roisín Poileistir


Is plaisteach teirmithéachtach láidir, docht agus righin é roisín poileistir. Ní bheadh tionsclaíocht na mara ann mar is eol dúinn í, gan na forbairtí i bplaistigh a úsáideann roisín poileistir. Tá an cineál seo teirmeaphlaistigh in úsáid go forleathan le gach sórt bád a thógáil, ó luaimh go canúnna. An cadhc atá le feiceáil i bhFíor 2, úsáideann sé maitris snáithinghloine neadaithe sa roisín poileistir le hábhar comhchodach a dhéanamh don bhunchabhail. Tá roisín poileistir an-fhriotaíoch ar ionsú uisce agus tá sé éadrom chomh maith i gcomparáid le hábhair thraidisiúnta eile a d'úsáidtear le báid a thógáil amhail adhmaid agus miotail. In ainneoin a luachmhaire atá roisín poileistir, tá roisín eapocsach ag teacht chun cinn ina áit, mar gheall ar na n-airíonna níos fearr atá aige.



Fíor 3

Roisín Eapocsach

Úsáidtear roisín eapocsach a bheag nó a mhór mar a úsáidtear roisín poileistir ach tá sé níos righne agus níos láidre agus is é sin an fáth a n-úsáidtear níos minice é le bratú a chur ar rud nó le hábhair chomhchodacha a cheangal. Tá airíonna iontacha aige le rudaí a ghreamú agus is féidir é a úsáid mar ghreamachán mar a fheictear i bhFíor 3. Cé go bhfuil sé níos daoire ná roisín poileistir, tá roisín eapocsaigh níos friotaíche in éadan taise agus strustuirse, rud a chinntíonn go bhfuil sé níos buanfasaí agus fadmarthanaí. Agus sin amhlaidh, is furasta a thuiscint cén fáth a n-úsáidtear é sa tionscal aerospáis chomh maith le péinteanna agus éadaí cosanta sa leictreonaic.



Fíor 4

Úiré-formaildéad

Déantar úiré-formaildéad go coitianta mar phlaisteach docht neamh-thrédhearcach. Tá sé an-chrua, tá neart teanntachta iontach aige agus is inslitheoir an-mhaith é, rud atá an-áisiúil do shoicéid leictreacha amhail an ceann atá ar taispeáint i bhFíor 4.

Tá úiré-formaildéad ar fáil chomh maith mar roisín ísealchostais a úsáidtear i ngreamacháin agus mar oibreán nascála do shraithadhmaid agus go háirithe do MDF (clár snáithíneach meándlúis).

Tá sé tábhachtach a bheith eolasach ar úsáidí na bplaisteach teirmithéachtach i ndearadh táirgí tráchtála chomh maith lena n-airíonna mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

Plaistigh Theirmithéachtacha	Airíonna	Úsáidí
Mealaimín	Láidir, crua, righin agus measartha docht Sláinteachas bia maith Inslitheoir leictreachais den scoth Friotaíocht mhaith in aghaidh ceimiceán Lasairfhriotaíocht iontach Is féidir a dhéanamh i bhfoirm righne nó mar shnáithín	Lannáin do chuntair oibre cistine, deasca oifigí agus urláir Gréithe mealaimín, luaitheadáin srl. Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE), m.sh. Comhraiceoirí Dóiteáin, Tochtanna
Roisín Poileistir	Láidir, crua, righin agus measartha docht Airíonna maithe greamacháin Inslitheoir maith leictreachais Friotaíocht mhaith in aghaidh ceimiceán Friotaíocht mhaith in aghaidh ionsú uisce	Báid, canúnna, cadhcanna Cabhail gluaisteáin Troscán Paitió Cásanna
Roisín eapocsach	Láidir, crua, righin agus an-docht Airíonna greamacháin den scoth Inslitheoir leictreachais den scoth Friotaíocht mhaith in aghaidh ceimiceán Friotaíocht den scoth in aghaidh ionsú uisce Airíonna meicniúla níos fearr ná mar atá ag roisín poileistir (ach an-daor)	Greamacháin (tionsclaíoch) Péinteanna/bratú dromchlaí Imchochlú /bratú comhbhaill leictreonacha, CCP (PCB)
Úiré-formaildéad	Láidir (inteannta) crua, righin agus measartha docht Airíonna maithe greamacháin Inslitheoir leictreachais den scoth Friotaíocht mhaith in aghaidh ceimiceán Friotaíocht mhaith in aghaidh ionsú uisce	Feistiú leictreachais Hanlaí doirse Cnaipí cócaireáin Greamacháin Roisín SMD (MDF)

Tasc an dalta

Ainmnigh **dhá** tháirge atá ar fáil sa bhaile, sa ghairdín nó sa gharáiste atá déanta as nó a úsáideann roisíní teirmithéachtacha nó a chodanna.

Déan taighde ar cad é an cineál plaistigh theirmithéachtaigh a bhfuil siad déanta as agus mínigh mar a dhéanann an táirge leas as **trí** phlé a dhéanamh ar thrí cinn de eochair airíonna an ábhair. Úsáid an nasc thíos mar phointe tosaithe:

<https://www.youtube.com/watch?v=zPkhdQL2Eos>

Ceisteanna athbhreithnithe

1. Mínigh an difear idir teirmeaphlaisteach agus plaisteach teirmithéachtach mar a bhaineann sé le téamh agus múnú.

2. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** de phlaisteach teirmithéachtach.

3. Mol teirmeaphlaisteach oiriúnach do gach ceann acu seo a leanas:

a. Lámhainní teasfhriotaíocha.

b. Troscan gairdín.

c. Soicéad balla.

d. Bratú do thrasraitheoir.

4. Tabhair **dhá** fháth a bhfuil roisín eapocsach níos fearr do dheisiú bád ná roisín poileistir.

